# Aighneacht

# Comhairliúchán Poiblí maidir le Daonáireamh 2027

Eanáir 2023

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Comhairliúchán Poiblí maidir le Daonáireamh 2027.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta ná an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.


Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.  Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.


## DAONÁIREAMH 2022

Is iad seo na ceisteanna a bhain le teanga i nDaonáireamh 2022:

**Ceist 13:**


13 An bhfuil Gaeilge labhartha agat?
*Freagair má tá tú 3 bliana d'aois nó níos sine*
1 Tá 2 Níl
Má 'Tá', an labhraíonn tú Gaeilge?
*Marcáil i ngach bosca cuí*
1 Go laethúil, sa chóras oideachais
2 Go laethúil, lasmuigh den chóras oideachais
3 Go seachtainiúil
4 Ní chomh minic sin
5 Ní labhraím riamh í
Má 'Tá', cé chomh maith is a labhraíonn tú í?
*Marcáil in aon bhosca amháin*
1 An-mhaith
2 Go maith
3 Go dona

**Ceist 14:**


14 An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?
1 Labhraíonn
2 Ní Labhraíonn → Téigh chuig C15
Cén teanga í sin?
(m.sh. POLAINNIS, GEARMÁINIS, TEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN)
Cén cumas labhartha Béarla atá agat?
*Marcáil in aon bhosca amháin*
1 An-mhaith
2 Go maith
3 Go dona
4 Ní labhraím ar chor ar bith

Molann Conradh na Gaeilge go bhfágfar Ceist 13, 'An bhfuil Gaeilge labhartha agat?' mar a bhí i nDaonáireamh 2022. Molann Conradh na Gaeilge go ndéanfar leasú beag ar Cheist 14 chun eolas cuimsitheach faoin nGaeilge mar theanga baile a bhailiú.

## CEIST 14: LEASUITHE MOLTA

Molann Conradh na Gaeilge go ndéanfar Ceist 14 a leagadh amach mar seo a leanas:

**Ceist 14, Cuid 1:**

**Céard í/iad an teanga/na teangacha a labhraíonn tú sa bhaile? (Marcáil – i ngach bosca cuí)**
*Liosta teangacha tugtha, ag tosú le Béarla, ansin Gaeilge, ansin an 4 teanga eile is coitianta in Éirinn, mar shampla:*

- Béarla
- Gaeilge
- Teanga 1
- Teanga 2
- Teanga 3
- Teanga 4


Eile (*Boscaí ann chun an teanga a scríobh isteach, faoi mar atá ar an bhfoirm faoi láthair)*

*Mar shampla:*


(m.sh. POLAINNIS, GEARMÁINIS, TEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN)

**Ceist 14, Cuid 2:**

Molann Conradh an Gaeilge an chuid seo a fhágaint mar atá:


**14** **An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?**

1 Labhraíonn
2 Ní Labhraíonn → **Téigh chuig C15**

**Cén teanga í sin?**

(m.sh. POLAINNIS, GEARMÁINIS, TEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN)

**Cén cumas labhartha Béarla atá agat?**

*Marcáil ▬ in aon bhosca amháin*

1 An-mhaith
2 Go maith
3 Go dona
4 Ní labhraím ar chor ar bith

**Míniú**

Níl ag teastáil ach leasú beag a dhéanamh ar Cheist 14, Cuid 1 (bheadh Ceist 14, Cuid 2 ag fanacht mar a bhí i nDaonáireamh 2022) chun eolas rí-thabhachtach a sholáthar faoin nGaeilge mar theanga baile – eolas atá ag teastáil go géar don phróiseas pleanála teanga atá ar siúl faoi *Acht na Gaeltachta 2012,* agus ó na heagraíochtaí teaghlaigh ag feidhmiú ar fud na tíre.

## COMHORDÚ IDIR AN PHRÍOMH-HOIFIG STAIDRIMH AGUS AN GHNÍOMHAIREACHT THUAISCEART ÉIREANN UM STAITISTICÍ AGUS TAIGHDE

Molann Conradh na Gaeilge go mbeadh comhoibriú idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde le féachaint ar na féidearthachtaí go gcuirfear na ceisteanna céanna faoin nGaeilge sa dhá dhlínse chun eolas a sholáthar ar bhonn uile-oileánda.

## CEISTNEOIR DÁTHEANGACH

Molann Conradh na Gaeilge go mbeadh aon cheistneoir amháin dátheangach ann, seachas cáipéisí éagsúla do na leaganacha Béarla agus Gaeilge mar atá faoi láthair, agus go mbeadh an dá theanga taobh lena chéile ar an leathanach.

Chinnteodh an leagan dátheangach go mbeadh sé soiléir do gach duine sa tír go bhfuil an ceart agus an fhéidearthacht acu an ceistneoir a líonadh i nGaeilge. Ba cheart go mbeadh tairiscint ghníomhach ann – nach gá don té ar mian leo an leagan Gaeilge a fháil é sin a lorg ó na háiritheoirí.

Chinnteodh an leagan dátheangach go mbeadh gach duine sa teaghlach in ann a rogha teanga a úsáid agus an fhoirm á líonadh don teach, nach dtarlaíonn faoi láthair leis an bhfoirm aonteangach.

Tá sampla anseo de Dhaonáireamh Stáit Aontaithe Mheiriceá 2020, cáipéis dhátheangach i mBéarla agus Spáinnis.

## CLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA

De réir togra UNESCO, *Atlas of the World's Languages in Danger* is teanga í an Ghaeilge atá 'definitely endangered.' Baintear leas as na torthaí daonáirimh ó na tíortha éagsúla chun staid na dteangacha a mheas. Is gá go mbeadh sonraí cuimsitheacha faoin nGaeilge ar fáil sa Daonáireamh le cinntiú go ndéanfar meas ceart ar a stádas mar theanga i mbaol.

Tá leagan amach éagsúil ar cheisteanna teangacha i dtíortha eile, ach tá córas cuimsitheach i gCeanada, tír le stádas dátheangach oifigiúil, chun eolas a bhailiú faoi staid an Bhéarla agus na Fraincise:

**Ceisteanna Teanga i nDaonáireamh Cheanada 2021:**

Can this person speak English or French well enough to conduct a conversation?
Mark "x" one circle only.

- English only
- French only
- Both English and French
- Neither English nor French

What language(s) does this person speak **on a regular basis** at home?

- English
- French
- Other language(s) — specify:

If this person indicates only one language in question 9. a), go to question 10.

Of these languages, which one does this person speak **most often** at home?
Indicate more than one language **only** if they are **spoken equally** at home.

- English
- French
- Other language — specify:

What is the language that this person **first learned** at home **in childhood** and **still understands**?
If this person no longer understands the first language learned, indicate the second language learned.

- English
- French
- Other language — specify:

Did this person do any of their **primary or secondary schooling in French** in Canada (including immersion)?
Mark "x" one circle only.

- Yes (previously or currently attending)
- No

In which type of program was this schooling in French done?

- A **regular French program** in a **French-language school**
- A **French immersion program** in an English-language school
- Both types of programs
- Other program — specify:

For how many years did this person attend a **regular French program** in a **French-language school**?

- Number of years in **primary** schooling (including kindergarten and middle school)
    - Number of years
- Number of years in **secondary** schooling
    - Number of years

Did this person do any of their **primary or secondary schooling in an English-language school** in Canada (including immersion)?
Mark "x" one circle only.

- Yes (previously or currently attending)
- No

For how many years did this person do their **schooling in an English-language school** in Canada (including immersion)?

- Number of years in **primary** schooling (including kindergarten)
    - Number of years
- Number of years in **secondary** schooling
    - Number of years

## CONCLÚID

- Molann Conradh na Gaeilge go bhfágfar Ceist 13, 'An bhfuil Gaeilge labhartha agat?' mar a bhí i nDaonáireamh 2022. Molann Conradh na Gaeilge go ndéanfar leasú beag ar Cheist 14 chun eolas cuimsitheach faoin nGaeilge mar theanga baile a bhailiú. (Leasú molta leagtha amach ar lth. 2 thuas)
- Molann Conradh na Gaeilge go mbeadh comhoibriú idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde le féachaint ar na féidearthachtaí go gcuirfear na ceisteanna céanna faoin nGaeilge sa dhá dhlínse chun eolas a sholáthar ar bhonn uile-oileánda
- Molann Conradh na Gaeilge go mbeadh aon cheistneoir amháin dátheangach ann sa dhá theanga oifigiúil, leis an nGaeilge taobh leis an mBéarla
- Molann Conradh na Gaeilge go dtabharfar aird ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta um bhailiú eolais maidir le teangacha, agus go nglacfar treoir ó Cheanada.